Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16142/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0429(NLE)**

**AELE 49**
**EEE 45**
**N 75**
**ISL 39**
**FL 35**
**MI 957**
**JUR 801**
**CYBER 411**
**TELECOM 530**
**COPEN 452**
**COPS 618**
**COSI 329**
**CSC 592**
**JAI 1699**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 742 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Gníomh um Chibearshlándáil) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 742 final.

Faoi iamh: COM(2022) 742 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2022
COM(2022) 742 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(An Gníomh um Chibearshlándáil)**

# IARSCRÍBHINN

## CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimhir […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil)[1] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2019/881, aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], a ionchorpraítear i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm dá bharr faoi Chomhaontú LEE.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 5cp (Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'**32019 R 0881**: Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, léifear téacs an Rialacháin in éineacht leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) Mura sonraítear a mhalairt thíos, agus d'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú, maidir leis na téarmaí 'Ballstát/Ballstáit' agus le téarmaí eile lena

[1] IO L 151, 7.6.2019, lch. 15.
[2] IO L 165, 18.6.2013, lch. 41.

dtagraítear dá n-údaráis atá sa Rialachán, tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-údaráis ar áireamh freisin, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán.

(b) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, déanfaidh an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, agus nuair is iomchuí, cúnamh a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE nó den Bhuanchoiste agus a gcúraimí sonracha á ndéanamh acu.

(c) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, tuigfear gur tagairtí do Chomhaontú LEE iad tagairtí do dhlí an Aontais.

(d) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 14:

"5. Beidh Stáit CSTE iomlán rannpháirteach sa Bhord Bainistíochta agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais, cé is moite den cheart vótála.'

(e) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 28:

"4. I ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le haon doiciméad de chuid na Gníomhaireachta a bhaineann le Stáit CSTE chomh maith.'

(f) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 30:

"3. Glacfaidh Stáit CSTE páirt sa ranníocaíocht ón Aontas dá dtagraítear i mír 1, pointe (a). Chun na críche sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 82(1)(a) de Chomhaontú LEE agus i bPrótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú sin.'

(g) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 34:

'De mhaolú ar Airteagail 12(2)(a) agus 82(3)(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, náisiúnaigh Stáit CSTE a bhfuil a gcearta iomlána acu mar shaoránaigh, féadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta iad a fhostú faoi chonradh.'

(h) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 35:

'Deonóidh Stáit CSTE pribhléidí agus díolúintí don Ghníomhaireacht agus dá foireann, pribhléidí agus díolúintí is coibhéiseach leis na pribhléidí agus na díolúintí i bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh.'

(i) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 40:

"3. De mhaolú ar Airteagal 12(2)(e), Airteagal 82(3)(e) agus Airteagal 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 129(1) de Chomhaontú LEE, déanfaidh an Ghníomhaireacht iad a mheas mar theangacha de chuid an Aontais, i dtaca lena baill foirne, dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.'

(j) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 62:

"6. Beidh Stáit CSTE rannpháirteach go hiomlán sa Ghrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, cé is moite den cheart vótála.'

*Airteagal 2*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘43. An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála (Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

*Airteagal 3*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2019/881 san Ioruais agus san Íoslainnis, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE déanta ina leith*, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. .../... ó Chomhchoiste LEE an […][3] [lena n-ionchorpraítear { Treoir (AE) 2016/1149 (Treoir NIS)} i gComhaontú LEE], cibé acu is déanaí.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

[…]

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
[…]

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

3 IO L ...

**Dearbhú Comhpháirteach ó na Páirtithe Conarthacha**

**i gCinneadh Uimh…/... lena n-ionchorpraítear sa Chomhaontú Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Aithníonn na páirtithe go bhfuil ionchorprú an ghnímh seo gan dochar do chur i bhfeidhm díreach Phrótacal 7 i ndáil le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir le náisiúnaigh de chuid Stáit CSTE ar chríoch gach Ballstáit den Aontas Eorpach, de bhun Airteagal 11 den Phrótacal sin.